

Tá tóir na hola ar na sonraí

Intinní Foghlama Féideartha

- Mínigh cén fáth a bhfuil faisnéis faoi dhaoine agus a n-iompar luachmhar do chuideachtaí.
- Déan anailís ar an gcaoi a n-úsáideann cuideachtaí cineálacha áirithe sonraí.
- Foghlaim trí straitéis chun teorainn a chur le cuideachtaí de bheith ag bailiú sonraí aonair.
- Sainithin conas is féidir sonraí a úsáid ar chúiseanna polaitiúla agus pearsanta.

Ceacht 1 An bealach a réiteach

Tasc 1: Cleachtadh Ionchasaithe

Déanann na scoláirí an cleachtadh réamh-mheasta thíos ag tús an aonaid foghlama. Is féidir é seo a chur in oiriúint mar shuirbhé ar líne chun comparáid a dhéanamh idir na freagraí ag an tús agus na freagraí ag an deireadh.

Ráiteas	Aontaím	Níl mé cinnte	Ní aontaím
Tá an t-eolas luachmhar			
Is iad cuideachtaí Idirlín na cuideachtaí is saibhre i stair an chine dhaonna.			
Bíonn uirlisí ag fanacht le bheith de dhíth agus le húsáid. Ní uirlisí iad na meáin shóisialta.			
"Níl ach dhá thionscal ann a ghlaonn 'úsáideoirí' ar a gcuid custaiméirí: drugaí mídhleathacha agus bogearraí " - Edward Tufte. Is druga é na Meáin Shóisialta Tusa vs teicneolaíocht ríomhaireachta na meán sóisialta – ní cath cóir ná cothrom é.			
Tusa vs teicneolaíocht ríomhaireachta na meán sóisialta – ní cath cóir ná cothrom é.			
Tabharfaidh na Meáin Shóisialta, Google srl. an leagan is mian leat a fheiceáil duit.			
Glacaimid le réaltacht an domhain a léirítear dúinn. Tá sé chomh simplí sin.			
Taistealaíonn nuacht bhréige níos tapa ná fíor-nuacht.			
Tá ár saol ar líne rómhór le hathrú.			
Mura bhfuil tú ag íoc as an táirge, is tusa an táirge.			

Tá mé sásta le cuideachtaí mo chuid sonraí a bhailiú ar líne.

Tasc 2: Smaoinigh - Faigh Péire - Comhroinn



Samhlaigh go raibh an deis agat táirge úrnua a dhearadh do dhéagóirí. D'fhéadfá aon suim airgid agus ábhar a theastaíonn uait a bheith agat chun an táirge a dhéanamh.

Conas a smaoineofá ar rud? Cad iad na ceisteanna a chuirfeá?

Déan taifead ar do chuid freagraí.

Ceacht 2

Tasc 3: Tasc Fiosrúcháin Grúpa

Léann agus pléann na scoláirí an t-eolas thíos. Ansin roghnaíonn gach grúpa ceann nó dhó de na ceisteanna ón liosta thíos chun plé agus taighde a dhéanamh agus chun teacht ar chomhaontú maidir le teimpléad mata boird a úsáid.

Cineál amháin sonraí coitianta ar líne is ea sonraí iompraíochta.

Ba mhaith le cuideachtaí a fháil amach cad é is maith lena gcuid custaiméirí a dhéanamh, cad iad na suíomhanna a dtugann siad cuairt orthu, cad iad na táirgí eile a cheannaíonn siad.

Baineann siad úsáid as an eolas sin chun táirgí nua a dhearadh agus chun margaíocht a dhéanamh ar tháirgí atá ann cheana do chustaiméirí nua.

Tá go leor bealaí ann a fhaigheann cuideachtaí sonraí iompraíochta: óna suíomhanna gréasáin féin, ó shuíomhanna gréasáin cuideachtaí eile agus ó chuideachtaí a bhailíonn sonraí faoi iompar ar líne.

Fógraíocht agus Spriocmhargaíocht Baintear úsáid as fianáin agus stair an idirlín chun tionchar a imirt ar na fógraí agus ar láithreáin ghréasáin a mholtar d'úsáideoirí.

Tarraingíonn na suíomhanna sonraí ó go leor foinsí difriúla agus nasctar le chéile iad ionas gur féidir fógraíocht a dhíriú ar bhealach níos cruinne ar an tomhaltóir.

Tugann suíomhanna líonraí sóisialta cuireadh d'úsáideoirí 'like' a dhéanamh ar rudaí.


Stóráiltear na 'likes' sin i mbunachair sonraí agus úsáidtear iad, mar aon le fianáin, chun leasanna úsáideoirí a rianadh.

Físeán faoin mbealach a rianáí/*-onn fianáin thú

<https://www.youtube.com/watch?v=QWw7Wd2gUJk&feature=youtu.be>

Ceisteanna le haghaidh taighde (Obair bhaile nó obair scoile)


- Cad iad na cineálacha sonraí is mó a bhféachann cuideachtaí orthu, dar leat?
- Conas a bhailíonn agus a úsáideann cuideachtaí sonraí fút go dlíthiúil gan do thoiliú?
- An bhfuil gá le míreanna toilithe?
- An bhfuil d'fhón ag spaireacht ort?
- Cá thábhachtaí atá sé duit go bhfuil do théacsanna agus do theachtaireachtaí díreacha príobháideach?
- Cá mhíne a chliceálann tú ar naisc mholta ar na meáin shóisialta?



Ceacht 3

- Arbh fhearr leat fógraí a fheiceáil a bhaineann le do nósanna siopadóireachta?

Smaoinigh ar fhreagra le do ghrúpa ag baint úsáid as an teimpléad socrúcháin Sonraí Iompraíochta



Tasc 5 Rianú Ar Líne

Féach ar an bhfíseán Hot on Your Trail: Príobháideacht, Do chuid sonraí, agus Cé aige a bhfuil rochtain orthu

Agus tú ag smaoineamh ar ais ar tháirge nua a chruthú do dhéagóirí, conas a d'fhéadfá an cineál sonraí a bailíodh ar an gcailín san fhíseán a úsáid chun cur le do dhearadh féin?

Tasc 5 Príomhfhoclóir, Meascadh agus Meaitseáil

	Sainmhíniú ar an bPríomhfhoclóir i d'fhocail féin	
Meaitseáil na heochairfhocail leis na sainmhínte. An féidir leat teacht ar do shainmhíniú féin?		
RGCS	Faisnéis a thaispeánann suíomh gréasáin nó aip duit bunaithe ar an méid a cheapann siad a ba mhaith leat a fheiceáil	
Fianáin	Dlí a chosnaíonn cearta príobháideachas ar líne daoine a bhfuil cónaí orthu sa Ríocht Aontaithe agus tíortha an AE	
Ábhar Pearsantaithe	Comhaid bheaga téacs a stóráiltear ar ríomhaire a choinníonn súil ar a ndéanann duine ar shuíomh gréasáin	

Fógra Spriocdhírthe	Fógraí a thaispeántar bunaithe ar fhaisnéis a bailíodh fút (suíomh, stair bhrabhsála, suimeanna, aois, srl.)	
Bróicéir Sonraí	Duine a cheannaíonn táirgí nó seirbhísí le húsáid	
Tomhaltóir	Fíricí agus staitisticí tomhaltóirí a bailíodh le chéile le húsáid chun críocha éagsúla	
Sonraí	Duine nó cuideachta a cheannaíonn agus a dhíolann sonraí tomhaltóirí	

Lesson 5

Tasc 6 Sonraí Trendsetter


Treoracha do scoláirí

Tá tú i gceannas ar tháirgí nua ag an gcuideachta éadaí "Trendsetter". Tá an cuideachta i mbun pleananna chun táirge úrnua a dhearadh agus a chur amach. Déan anailís ar thábla sonraí na dtomhaltóirí thíos chun cinneadh a dhéanamh faoin gcineál táirge a bheidh ann (seaicéad, bróga, hata, bríste, léine, nó rud éigin eile) agus faoi na sonraí a bheidh ann. Ansin tarraing pictiúr den chuma a bheidh ar do tháirge.

Cuid 1: Sonraí Tomhaltóirí

Taispeánann na sonraí	Cén bhaint atá aige sin le do tháirge?
Tagann formhór na gcustaiméirí chuig Trendsetter chun seaicéid a cheannach.	
Déanann go leor de chustaiméirí Trendsetter siopadóireacht freisin le haghaidh hataí, scaifeanna agus buataisí.	
An chuid is mó de na seaicéid a cheannaítear bíonn dath dorcha orthu: gorm, dubh nó ar dhath an ghualaigh.	
Cónaíonn an chuid is mó de chustaiméirí Trendsetter lasmuigh de chathracha agus in aeráidí níos fuaire.	
Tá formhór chustaiméirí Trendsetter idir 18-30.	

Cuid 2: Tarraing nó cur isteach do tháirge



Cuid 3: Achoimre

- Scríobh alt amháin ina mínítear conas a d'úsáid tú na sonraí chun do tháirge a roghnú agus a dhearadh.

- Ag smaoineamh siar ar an bhfíseán rianaithe ar líne conas a d'fhéadfá an fhaisnéis a foghlaimíodh a úsáid chun do spriocghrúpa a aimsiú?

Tasc 7: Rudaí dearfacha agus diúltacha

Not to be confused with the internet, which had been evolving since the 1960s, the World Wide Web celebrated its 30th anniversary on 12 March, 2019.

Since 1991 external web servers have been up and running and today it is estimated that there are over 2 billion websites online.

While recognising the power of the web to transform governments, businesses, and societies for the better, inventor of the web, Sir Tim Berners-Lee used the occasion to highlight the abuse of his creation.

“All kinds of things have gone wrong. We have fake news, we have problems with privacy, we have people being profiled and manipulated.” He called for a ‘contract’ to reclaim the web as a force for the common good.



(Adapted from Irish Independent Editorial, May 16th 2019)

Comhlánaigh liosta de bhuntáistí agus míbhuntáistí an idirlín

Cad atá go maith faoi? Conas a théann sé chun tairbhe duit? Cad é nach bhfuil chomh maith sin faoi?

Buntáistí	Míbhuntaistí

Tasc 8: Féach ar an gclár faisnéise "The Social Dilemma" nó féach ar ghearrthóg níos giorra de TED Talk How a handful of tech companies control billions of minds every day | Tristan Harris

- An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis na pointí a rinneadh sa chlár faisnéise/TED Talk?
- Tabhair breac-chuntas conas is féidir daoine a phróifíliú agus dul i gcion orthu ar an ngréasán domhanda.
- Pléigh conas is féidir an cás seo a athrú chun daoine agus an tsochaí a chosaint.
- Cad é a d'fhéadfadh cosc a chur leis an bhfeabhas seo?
- Cad é a d'fhéadfadh cabhrú leis an athrú chun feabhais?

Ceacht 6

Tasc 9: Machnamh

Anois go bhfuil a fhios agat a luachmhaire ó thaobh na heacnamaíochta de atá do shonraí do chuideachta, déan anailís ar an gcúis a measfaí go mbeadh do chuid

Lesson 7

sonraí luachmhar ó thaobh na polaitíochta de nó ó thaobh Páirtithe/Aipeanna nó láithreáin ghréasáin? Cén t-eolas fút a bheadh in úsáid acu agus cén fáth?

Sainaitin 2 bhealach ar a laghad a bhailítear do shonraí gan do thoilíú

- Déan cur síos ar 3 bhealach is féidir do shonraí a chosaint (leid: fianáin, socruithe príobháideachais)
- Aimsigh 3 alt nó láithreán gréasáin úsáideacha chun cabhrú leat do shonraí pearsanta a chosaint.
- Gníomh! Déan trí ghníomh chun do shonraí ar do ghléas pearsanta a chosaint.

Tasc 10: Cleachtadh Machnaimh

Déanann na scoláirí an cleachtadh thíos agus cuireann siad i gcomparáid é lena bhfreagraí ag tús an aonaid foghlama.

Ar athraigh a gcuid tuairimí?

Cad é a d'fhoghlaim siad a chuaigh i bhfeidhm ar na freagraí ar na ráitis seo?

Ráiteas	Aontaím	Níl mé cinnte	Ní aontaím
Tá eolas luachmhar			
Is iad cuideachtaí idirlín na cuideachtaí is saibhre i stair an chine dhaonna.			
Bíonn uirlisí ag fanacht le bheith de dhíth agus le húsáid. Ní uirlisí iad na meáin shóisialta.			
"Níl ach dhá thionscal ann a ghlaonn 'úsáideoirí' ar a gcuid custaiméirí: drugaí mídhleathacha agus bogearraí " - Edward Tufte. Is druga é na Meáin Shóisialta			
Tusa vs teicneolaíocht ríomhaireachta na meán sóisialta – ní cath cóir ná cothrom é.			
Tabharfaidh na Meáin Shóisialta, Google srl. an leagan is mian leat a fheiceáil duit.			
Glacaimid le réaltacht an domhain a léirítear dúinn. Tá sé chomh simplí sin.			
Taistealaíonn nuacht bhréige níos tapa ná fíor-nuacht.			
Tá ár saol ar líne rómhór le hathrú.			
Mura bhfuil tú ag íoc as an táirge, is tusa an táirge.			
Tá mé sásta le cuideachtaí mo chuid sonraí a bhailiú ar líne.			

<https://dataprotection.ie/>

<https://gdpr.eu/>

<https://www.bbc.co.uk/bitesize/guides/znkqn39/revision/4#:~:text=the%20web%20browser%20-,Cookies,the%20user%20to%20accept%20permission.>

[How to clear your cache and cookies article - PC Mag How](#)

[to handle your cookies - Irish Times](#)

<https://www.irishtimes.com/culture/tv-radio-web/jennifer-o-connell-don-t-bea-zucker-for-social-media-in-2017-1.2914662>